# Guth Ghoill

Luach € 2.00


## An Corrach




**Déan teagmháil linn:**

**Céim Aniar Teoranta, Áras Ros Goill, Na Dúnaibh, Tír Chonaill.**

**Fón: 074 9154830 Facs: 074 9154830 Ríomhphost: ceimaniar@eircom.net**

# AN CLÁR

## Iris Céim Aniar

| | |
|---|---|
| Ros na Binne | 3 |
| Seachtain na Gaeilge | 9 |
| Cissie Hughie Den | 10 |
| Seó Mór na bPáistí | 11 |
| Siar nó Aniar? | 12 |
| Féile Chéim Aniar | 13 |
| Bronnadh Bhord na nÓg CLG | 16 |
| Feadaímó | 18 |
| Féile Drámaíochta Chéim Aniar | 20 |

# Ros na Binne

## Tithe Coiteora Ros na Binne




Sa bhliain 1910, os cionn céad bliain ó shin, a chuaigh daoine a chónaí i dtithe coiteora (cottages) Ros na Binne don chéad uair.

Cuireadh coiste ar bun a raibh sé de dhualgas orthu socrú a dhéanamh faoi cé a gheobhadh na tithe agus cá háit a mbeadh siad lonnaithe. I mbileog a 1 ar an chéad leathanach eile, tá liosta d'ainmneacha na ndaoine a raibh iarratas curtha isteach acu chuig an choiste, an áit arbh as iad agus cá háit a raibh an suíomh tí a dhíth orthu. Chuir bunús na ndaoine seo iarratas isteach dóibh fhéin ach d'fhéadfadh sé gur chuir roinnt daoine iarratas isteach thar ceann daoine muinteartha leo fosta.

B'iad na bailte fearainn atá luaite sa bhileog a raibh daoine ag iarraidh tithe a bheith tógtha iontu dóibh ná, Cnoc na Muirleoige, Leargán Riabhach, na Dúnaibh, an Mhachaire Bhig agus Ros na Binne. Sa deireadh thiar thall tógadh na tithe ar dhá bhaile fearainn agus ba sin Ros na Binne agus Leargán Riabhach. Ba ar thalamh a bhí i seilbh Charles Hay a bhí bunús na dtithe le bheith tógtha ach ar bhileog a 2 tá a ainm scriosta amach ag barr an leathanaigh agus ainm an Tiarna Liatroma curtha ina áit. Is cosúil gur dhíol Charles Hay an talamh leis an Tiarna Liatroma idir an dá linn. Tá sé le feiceáil fosta ón bhileog gur tharraing daoine a n-iarratas amach ar chúiseanna éagsúla.

Ar bhileog 2 tá tuairisc an choiste a bhí curtha ar bun leis na suíomhanna a roghnú. Bhí an theach déag le tógáil i Ros na Binne, achan teach tógtha ar acra talaimh de chuid an Tiarna Liatroma. Fuair an Tiarna Liatroma £15 mar chúiteamh ar a acra talaimh agus bhí 10scillinge in aghaidh na bliana leagtha mar chíos ar na tionóntaithe. Tá ainmneacha bhaill an choiste agus ainm innealtóir na comhairle P. Dawson curtha leis an doiciméad comh maith le síniú an Tiarna Liatroma agus tá sé suntasach nach raibh athrú ar bith faoin méid a bhí le rá aigesean i ngach cás, 'sé sin--- ' Owner dissents from above award'. An rud é nach raibh sé sásta leis an méid airgid a bhí faighte aige mar chúiteamh? Síníodh na doiciméid ar fad ar an 15 Aibreán 1907 ach cha raibh na tithe tógtha ná ullmhaithe do na tionóntaithe go dtí an bhliain 1910.

In eagrán na Nollag de Ghuth Ghoill rinne muid cur síos ar na trí theach coiteora atá ar fhód an bhealaigh sula dtéann tú síos an mhalaigh i dtreo Lag na h-Uilinne. Timpeall na bliana 1937 a tógadh na cinn seo, seacht mbliana agus fiche i ndiaidh na chéad tithe a bheith tógtha cois na farraige ag Ros na Binne.

### Teach Dhónal Beag.



Tosóidh muid leis an chéad teach, cois na farraige ar thaobh na láimhe clé agus tú ar do bhealach isteach go Ros na Binne agus ba seo teach Dhónal Mac Giolla Bhríde nó Dónal Beag mar ab fhearr aithne air. Rugadh Dónal beag i gCluain tSalach sa bhliain 1866, an dara duine clainne ag Chéarlaí agus Fenny Nic Giolla Bhríde (Fenny Dhónail). Sa bhliain 1900 phós sé Máire Ní Chuilinn as Dún Dubháin (Máire Thomáis) agus bhí cúigear clainne acu, Máire, Chéarlaí, Cití, John agus Dinis. Chaith Dónal agus Máire tamall in Albain mar a rinne bunús

Billeog 1

LABOURERS (IRELAND) ACTS, 1883 to 1906.

# Representations Signed on Behalf of Labourers Named in Sche

## MILFORD RURAL DISTRICT.

### Rossguill District Electoral Division.

### SCHEDULE.

| Con. No. | Name of Labourer. | Residence. | Occupiers where sites are proposed. | Townland. | Owner or Agent. | Resi |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 168 | Bernard Duffy ... | Ardbane ... | C. Hay, J.P. (Tempy.) | Rosapenna ... | | |
| 169 | ~~Pat Kelly~~ out ... | ~~Claggan~~ ... | ~~John Kelly~~ ... | ~~Crucknamurlog~~ ... | ~~Got a site elsewhere~~ | |
| 170 | | | | | | |
| 171 | Eneas M'Clafferty ... | Murlog ... | Chas. Hay (Tempy.) | Larganreagh ... | Passed Larganreagh | |
| 172 | Mrs. Mary Doherty | Dundoan ... | Charles Hay do. | Rosapenna ... | | |
| 173 | John Boyce ... | Meevagh ... | Charles Hay do. | Larganreagh ... | Site found Rosapenna | |
| 174 | Michael Herraghty ... | Downings ... | Columb Diver ... | Downings ... | Selected | |
| 175 | | | | | | |
| 176 | Maurice M'Ginley ... | Larginreagh ... | Chas. Hay (Tempy.) | Rosapenna ... | | |
| 177 | Mrs. A. Kerr ... | Downings .. | Charles Hay do. | Rosapenna ... | | |
| 178 | ~~Eneas M'Clafferty~~ ... | ~~Dooey~~ ... | ~~Andrew Kerr~~ ... | ~~Morlog~~ ... | not going on. | |
| 179 | out ~~Barney M'Bride~~ ... | ~~Clontallagh~~ ... | ~~C. Hay, J.P. (Tempy.)~~ | ~~Rosapenna~~ ... | withdrawn | |
| 180 | Toal Sweeney ... | Dooey ... | C. Hay, J.P. do. | Rosapenna ... | | |
| 181 | John M'Clafferty ... | Murlog ... | C. Hay, J.P. do. | Rosapenna ... | | |
| 182 | Eneas M'Bride ... | Derryhassan ... | C. Hay, J.P. do. | Rosapenna ... | | |
| 183 | Edward Connor ... | Dooey ... | C. Hay, J.P. do. | Rosapenna ... | | |
| 184 | Hugh Doherty ... | Dundoan Upper ... | Charles Hay do. | Rosapenna ... | | |
| 185 | Sophia M'Bride ... | ~~Mulroy~~ Murlog ... | Charles Hay do. | Larganreagh ... | Site found | |
| 186 | ~~John Carr~~ ... | ~~Derryhassan~~ ... | ~~Cornelius Kerr~~ ... | ~~Derryhassan~~ ... | Off out | |
| 187 | Pat M'Bride ... | Clontallagh ... | Charles Hay ... | Magherabeg ... | Site found Rosapenna | |
| 188 | Andrew McFadden | Derryhassan | Neal Friel | Downings | Site found on Rosapenna | |

**Billeog 2**

177

Report of Committee appointed to select Plot on the Farm of ~~Charles Hay~~ Earl of Leitrim in the Townland of Rosapenna.

| QUERY. | ANSWER. |
|---|---|
| (1.) Name of the Labourer on whose behalf the representation was made | Mrs. A. Kerr. |
| (2.) Address in full Downings. | |
| (3.) Quantity of Land proposed to be taken (statute measure) | 1 A. 0 R. 0 P. |
| (4.) Estimated yearly value of the Plot of Land selected £ 0–10–0 | |
| (5.) Amount of compensation which, in the opinion of the Committee, should be paid for the purchase of the said Plot | To the Occupier, £<br>To the Lessee, £<br>To the Owner, £ 15–0–0 |
| (6.) Allowance for severance and damage to the lands adjoining during execution of the Works | |
| (7.) Abatement of Rent by Landlord to Occupier | per annum. |
| (8.) Do. Lessee to Occupier | " |
| (9.) Do. Landlord to Lessee | " |

(10.) Names and addresses of the persons interested in the Plot :—

| | | |
|---|---|---|
| Occupier | Name | |
| | Address | |
| Lessee | Name | |
| | Address | |
| Owner | Name | The Earl of Leitrim |
| | Address | Mulroy |

(11.) Observations :—

Owner dissents from above award

Dated this 15 day of April 19[illegible]

[signatures] Members of the Committee.

T. Dawson Engineer to Council.

Clerk of the Council.



*Máire Thomáis*

de mhuintir na h-áite na blianta sin ach ansin de réir mar a bhí an iascaireacht ag bisiú agus ag forbairt agus fostaíocht a cur ar fáil tharraing siad ar an bhaile. Rugadh Máire (1902), Chéarlaí (1904), Cití (1906), agus Johnny (1908) in Albain. Caithfidhse go dtáinig siad 'na bhaile am éigin idir 1908 agus 1912 mar gur rugadh Dinis an duine ab óige den chlann i 1912, agus ba é an t-aon duine clainne a rugadh i Ros na Binne. Deich mbliana agus na trí scór a bhí Dónal Beag nuair a fuair sé bás sa bhliain 1936 ach chan fhuair a bhean Máire Thomáis bás go dtí Mí na Nollag 1964 agus í seacht mbliana agus na ceithre scór. Mhaígh Máire Thomáis i gcónaí gurbh í fhéin agus a deirfiúr Madgie, a bhí pósta ar Neaty Mac Giolla Bhríde (Neaty Shéarlaí Dhonchaidh Mhóir) as Doire 'n Chasáin, an chéad bheirt a chodlaigh i dtithe coiteora Ros na Binne.

## An Chlann

Bhí Máire (Dhónal Beag) ar an duine ba sine den chlann agus chaith sí blianta fada ag obair in Óstlann Ros na Binne. Cha raibh Máire pósta agus bhí cónaí uirthi i dteach a teaghlaigh i Ros na Binne lena deirfiúr Cití agus fear céile Chití, sin Pádraig. Fuair Máire bás sa bhliain 1978.

Rugadh Chéarlaí (Dhónal Beag) sa bhliain 1904 agus chaith sé páirt mhaith dá shaol ag obair i mbádchlós Mhíobhaigh. Duine socair suaimhneach a bhí ann nár chuir isteach ná amach ar aon duine. Bhí suim mhór ag Chéarlaí i gcúrsaí peile agus ba bheag cluiche ar imir na Dúnaibh iontu sna daichidí agus sna caogaidí nach mbeadh sé ansin ar an taobhlíne le hiad a ghríosadh agus le tacaíocht a thabhairt dóibh. Oíche Aoine amháin i Meán Fómhair na bliana 1964 bhí Chéarlaí ar a bhealach 'na nDúnaibh ar a rothar nuair a bhain timpiste de ar mhalaigh Mhary Ellen (cóngarach don áit a bhfuil tithe Radharc na Mara anois). Bhí sé dorcha agus rith ainmhí trasna an bhealaigh roimhe agus caitheadh é amach ar mhullaigh a chinn ar an bhealach mhór. Chuala roinnt fear a bhí i ndeas de bhun na Machaire Bige an tormán agus rith siad i dtreo láthair na timpiste. Nuair a thángthas air bhí sé i ndroch dhóigh agus tugadh go teach an dochtúra é agus as sin 'na bhaile. Bhí droch-chuma agus drochdhath amach air agus cuireadh é a luí. Ach sin agus eile nuair a chuaigh bunadh an tí i gceann an phaidrín bhí sé ábalta freagra a thabhairt ar dheichniúr den phaidrín ach am éigin i lár na hoíche chuaigh sé gan aithne gan urlabhra agus tugadh chun na hotharlainne é. Níor tháinig sé amach as na gortaithe a bhain de



*Chéarlaí Dhónal Beag, Clár & Cití*

agus fuair sé bás ar an Domhnach. Bhí scoilt sé orlach i mblaosc a chinn. Is cinnte gur ghoill an taisme seo go mór ar a theaghlach ar feadh blianta ina dhiaidh sin. Cha raibh Chéarlaí ach trí fichead bliain d'aois.



*Johnny, a iníon ar chlé agus Máire Dhónal Beag*

Rugadh Johnny, an ceathrú duine clainne a bhí ag Dónal Beag agus Máire Thomáis, sa bhliain 1908 agus chaith sé formhór a shaol i Sasana áit a raibh sé pósta. Ba ghnáth leis corr ruaig a thabhairt ar a fhód dúchais ach bhí saol déanta aige do fhéin thall agus fuair sé bás ansin timpeall na bliana 1974.

Mar a luaigh mé ag tús ba é Dinis an duine ab óige den teaghlach agus an t-aon duine den teaghlach a rugadh i Ros na Binne. Chaith Dinis tréimhse ag obair fá Shasana, áit ar thit sé isteach i ndrochshláinte agus phill sé ar an bhaile. Cha raibh biseach ar bith i ndán dó agus fuair sé bás i Ros na Binne sa bhliain 1940 agus gan é ach seacht mbliana is fiche.

Phós Cití Pádraig Mac Giolla Bhríde (Pádraig Phaidí Mhór) as Cluain tSalach in Eanáir na bliana 1936. Chuaigh siad go hAlbain sa bhliain 1937 áit ar rugadh Máire, an t-aon duine clainne a bhí acu. Ag tús an chogaidh, sa bhliain 1939, tháinig Cití na bhaile lena n-iníon óg ach d'fhan Pádraig thall áit a raibh sé ag obair. Bhí suim mhór aige san fharraige agus shocraigh sé a dhul isteach sa chabhlach trádála. Bhí cuid long an chomhlachta áirithe a raibh sé leo ainmnithe do bhuachlocha (precious stones)- Axinite, Topaz, Pearl agus a leithéidí sin agus ba í an Axinite an chéad bhád a raibh sé uirthi. Chaith Pádraig saol fada ar an fharraige, sa chabhlach trádála, agus is beag tír agus farraige ar fud an domhain nach raibh sé ann ach bhí sé ar an fharraige le linn an chogaidh agus dar ndóigh bhí cuid mhór contúirtí ag baint le seo. Ba mhinic lón cogaidh a iompar ag na longa trádála a raibh Pádraig orthu agus cha raibh trócaire ar bith ag cuid fomhuireán (submarines) na Gearmáine dóibh. Bhí am amháin le linn an chogaidh a raibh sé i gconbhua (convoy) ina raibh ocht mbád déag agus cha dtáinig slán ach na sé bhád, bhí an t-ádh air a theacht slán. Chuaigh sé tréimhse eile i rith an chogaidh nach raibh a chuid éadaigh de ar feadh ocht lá dhéag agus oíche. Agus ba chuimhne leis an tréimhse le linn D-Day, iad ag seoladh suas an Seine, an t-uisce dearg le fuil agus iad ag treabhadh fríd coirp. Tháinig sé fríd an chogadh agus a shaol farraige slán sábháilte agus is fiú a lua anseo gur iompar sé créafóg Ghartain leis i gcónaí. Tháinig sé i dtír den uair dheireanach sa bhliain 1970 agus chaith sé an chuid eile dá shaol i Ros na Binne ach, ar an drochuair, cha raibh an chuid eile dá shaol comh fada sin mar go bhfuair Pádraig bás, ag deich mbliana agus trí scór, ar an dara lá fichead de mhí na Samhna 1975. Ní bhfuair a bhean Cití bás go ceann deich mbliana ina dhiaidh sin, sa bhliain 1985.

Beirt clainne a bhí ag Cití agus Pádraig, Máire a rugadh in Albain agus girseach eile, Clár, a rinne siad a uchtú ag tús na gcaogaidí. Pósadh Clár ar Dhónal Mac Pháidín as Duibhlinn Riach agus chuaigh Clár a chónaí ansin áit ar thóg sí fhéin agus Dónal clann mhór. Ach ar an drochuair fuair Dónal bás traidhfil blianta ó shin ach tá Clár í fhéin i mbarr a sláinte agus a clann thart uirthi. Múinteoir scoile a bhí i Máire agus i ndiaidh di cáiliú mar mhúinteoir sa bhliain 1957 chaith sí na chéad ceithre bliana ag teagasc i Muineacháin. Ansin sa bhliain 1961 fuair sí post i Scoil Mhíobhaigh.



*Cití Dhónal Beag*

Theagasc sí ansin go dtí an bhliain 1969 nuair a rinneadh Scoil Mhíobhaigh agus Scoil Dhoire a'Chasáin a chónascadh agus bhí siad as sin amach faoin díon amháin i Scoil Naomh Bríd, i gCeann na Leargaí. Theagasc sí anseo go dtí an bhliain 1993 áit a raibh sí mar phríomhoide sna blianta deireanacha. Dhá bhliain déag agus fiche a bhí caite aici ag teagasc ina ceantar fhéin. Ba scoth múinteora a bhí inti agus is cinnte gur mhór na hathruithe a chonaic sí i saol an cheantair agus sa mhúinteoireacht lena linn.

Bhí Máire pósta ar Cholmán De Búrca as Carna, Co. Na Gaillimhe agus beirt chlainne a bhí acu, Caitlín agus Pauric. Garda a bhí in Colmán agus ba i gCill Mhic nÉanáin a chaith sé a chuid blianta deireanacha mar gharda sula ndeachaigh sé amach ar phinsean sa bhliain 1988. Ansin nuair a bhí Máire agus Colmán réidh le scíste breá a bheith acu i ndiaidh dóibh a saolta a chaitheamh ag obair sciobadh Colmán ar shiúl uaithí go tobann sa bhliain 1998. Is cinnte gurbh mhór an buille a bhí anseo di, buille a tháinig gan choinne. Bhí a iníon Caitlín pósta i Rath Mealtáin agus shocraigh Máire aistriú go Rath Mealtáin le bheith níos cóngaraí di agus tá cónaí uirthi ansin anois lena mac Pauric. Díoladh an teach i Ros na Binne.

## Teach Den Shíle.

An chéad teach eile a chastar duit ar an taobh sin den bhealach ná teach a ndeachaigh Anna Nic Giolla Chearra (Nans Shíle) deirfiúr do Phaidí Shíle as na Dúnaibh a chónaí ann nuair a fosclaíodh iad. Bhí Nans Shíle pósta ar dhearthháir le John Nochaí (Mac Giolla Chearra) ach fuair sé bás óg. Bhí deirfiúr dithe, Fanny Shíle, pósta i Ros na Binne fosta, ar Hughie 'Ac Conchúir. Triúr clainne a bhí ag Nans - Donchadh, Maggie agus Den. Bhí cónaí orthu sna Dúnaibh de réir dhaonáireamh na bliana 1901 agus san am sin bhí Donchadh ceithre bliana, Maggie dhá bhliain agus Den bliain amháin d'aois.

D'imigh Maggie go Meiriceá nuair nach raibh sí ach sé nó seacht mbliana déag d'aois agus níor phill sí arís go dtí go raibh sí os cionn na ceithre scór. Nuair a tháinig sí 'na bhaile sna hochtaidí chuaigh sí a chónaí le colceathair dá cuid, Síle Hegarty (Ní Chonchúir) i Rath Mealtáin.

Bádh Dinis ag Lag na hUilinne sna chéad blianta i ndiaidh de bhádchlós Mhíobhaigh a bheith foscailte.

I ndiaidh don mháthair, Nans, bás a fháil i mí na Samhna 1937 bhí Den fágtha sa teach ar a chuid fhéin. Cha raibh an tsláinte go maith sin aige agus bhuailfeadh racht casachtaigh go minic é. Is cinnte, le bheith ag amharc air, go gcuirfeadh na rachtanna seo isteach go mór air mar go mbíodh siad, is cosúil, géar agus dian ar an ucht. Cha raibh Den pósta.



*Teach Den Shíle sa lá atá inniu ann*

Ba ghnách leis cuid mhaith dá chuid ama a chaitheamh ag airneáil fá thithe na gcomharsanach. Sna caogadaí nuair a tháinig na 'crisps' ar an mhargadh is cinnte gur chuir Den dúil as an ghnách sna 'crisps'. D'fheicfí é a n-ithe lá agus oíche. Ba ghnách leis theacht tigh Aindí 'n Ghabh i gCeann na Leargaí achan tráthnóna Dé Céadaoin, ba seo an tráthnóna a mbíodh veain Joe Aindí Hughie thart le grósaeirí. Cheannódh Den ultach paicéad agus bhíodh paicéid acu aige in achan phóca. Shuíodh sé istigh tí Mhac Ghairbhé os coinne na tine agus d'íosadh sé leis orthu.

Ach ansin go tobann sna blianta deireanacha chuaigh sé go hiomlán ina n-éadan. Bhí sé comh mór sin ina n-éadan nach dtiocfadh leis suí i dteach a ndéanfaí paicéad acu a oscailt.

Duine neamhurchóideach a bhí in Den a raibh comhrá maith ann. Nuair a thagadh a chomharsanach béal dorais, Pádraig Phaidí Mhór, 'na bhaile i ndiaidh tréimhse a chaitheamh ar an fharraige bheadh Den istigh aige lá arna mhárach le fáilte a chur roimhe agus dár ndóigh le cuntas a fháil faoina thuras thar lear agus faoina chuid eachtraí mara. I mí Márta na bliana 1967 bhí Pádraig sa bhaile cúpla lá agus b'ábhar iontais dó nach raibh Den istigh le é fheiceáil mar ba ghnách leis. Shocraigh sé ruaig a thabhairt anonn an baile go bhfeicfeadh sé cad é mar bhí rudaí. Bhí an glas ar dhoras Den agus cha raibh dóigh ar bith a dtiocfadh leis fáil isteach. D'amharc sé isteach ar an fhuinneog ansin ach cha raibh a dhath le feiceáil. Bhí sé ag tabhairt aghaidh ar an bhaile arís ach cé casadh air ach Den Phaidí Shíle, nia (nephew) de chuid Den, a bhí ar an bhealach le é a fheiceáil. Fuair siad isteach an dara hiarraidh ach níorbh dheas an radharc a bhí rompu mar go raibh Den bocht ina shuí suas sa leaba agus é marbh. Cha raibh sé ach na seacht mbliana agus trí scór.

*Beidh tuilleadh faoi Ros na Binne sa chéad eagrán eile.*

## Seachtain na Gaeilge

Seo thíos traidhfil pictiúr a ghlacadh ag na himeachtaí a bhí ar siúl ag Céim Aniar do Sheachtain na Gaeilge.

*Tráth na gCeist sa Síbín Ceoil ar 12 Márta*





*Buaiteoirí an chomórtais, ó chlé, Mary Spence, Kate Uí Bhuaidhe, Bríd Mhic Meanman agus Máire Uí Pheatáin.*

*Maidin Caife in Áras Ros Goill ar 11 Márta*













*Buaiteoir an Comórtas Taispeántas Fuinneoige i mbliana - Siopa Mhic Íomhair, Carraig Airt.*

# Cissie Hughie Den



Rugadh mo mháthair Cissie Hughie Den i nDumhaigh (Cissie Nic Laifeartaigh) ar an 28ú de Dheireadh Fómhair na bliana 1914 agus fuair sí bás in Áras Uí Dhomhnaill ar an 26ú de Shamhain, 2011. Ba í an cúigiú duine de ochtar clainne agus tá beirt dheirfiúr beo go fóill, Biddy i nDoire a Chasáin agus Máire i nGlaschú. Cosúil le cuid mhór de na daoine a rugadh agus a tógadh sa choirnéal beag cúng idir an Cnoc Mór agus an cladach, thug Cissie léithe saol fada folláin. Ba dhaoine gnoitheach, gníomhach iad, ag curaíocht, ag iascaireacht agus ag tréadaíocht caorach. Ba le tréan iarrachta agus bróid a bhain siad a mbeatha amach as an stríoc talaimh seo ar imeall na farraige.

Cé gur chaith sí Geimhreadh amháin ag obair le teaghlach thuas i mBéal Feirste, cosúil le cuid mhór de mná óga an cheantair, ba ar obair shamhraidh sa Rosapenna a mhair sí. Sin mar a bhí sé go dtí gur phós sí a fear céile Marcus sa bhliain 1939 agus bhog sí aníos 'na Bhaile Úr. Ní raibh sa teach ag an am ach Marcus agus a athair Mící. Chuir mé ceist uirthi uair amháin faoi an chéad chuimhne a bhí aici ar theacht 'an tí díthe. “Bhí ró saic” a dúirt sí “crochta trasna an mhaide mullaigh”. “Ba ghnách” a dúirt sí fosta “le fear comharsanach darbh ainm Den Shusie, duine cliste a raibh foghlaim aige, theacht agus suí ar chloch os comhair an tí agus an páipéar a léamh le solas na gealaí do na fir a bhí cruinnithe thart air”.

Ba sa teach seo a rugadh ceathrar den chlann. Teach ceann tuí a bhí ann agus nuair a chuaigh an teach seo ar thine agus dódh go talamh é ag deireadh mhí Eanáir na bliana 1954 bhí an t-ádh orainn go dtáinig achan nduine a bhí sa teach an oíche sin slán sábháilte. D’fhan an drochchuimhne seo agus an eagla a bhí uirthi roimh thine le Cissie go lá a báis.

Cosúil le achan mháthair eile sa phobal, ní raibh am nó faill ag Cissie dearcadh rómánsúil a bheith aici ar an tsaol. Ní raibh meas aici ar “novelties” nó “figairies”. Bhí cúram seisear clainne uirthi agus cosúil le teaghlaigh eile, bhí an saol crua agus ba le tréan iarrachta agus le h-obair dhícheallach, dhúthrachtach a bhain daoine a mbeatha amach. Bhí Marcus ag iascaireacht i rith na bliana, bradáin sa tSamhradh, scadáin san Fhómhair agus ansin iascaireacht chontúirteach Gheimhridh i mbá Bhaile an Easa. Ach ní hé amháin sa Gheimhreadh a bhí contúirt ann do na hiascairí. Bhí anchontúirt ann i rith na bliana agus imní ar a muintir sa bhaile. Is cuimhin liom múscailt corruair le bánú an lae agus bheadh sí ansin ag an fhuinneog ag amharc amach ar an fharraige agus í ag éisteacht le búireach na gaoithe móire sa tsimléar agus an fheadalach i bpoll na heochrach. I rith na bliana fosta bhí cuidiú le tabhairt le leagaint scoilteán, sábháil féir, tógáil coirce agus ag cruinniú prátaí roimh Shamhain. Ba é seo i bhfad sula raibh aibhléis agus uisce reatha ag an phobal. Ní raibh trealamh nua-aimseartha ar bith sna



tithe a thabharfadh sómas nó sochar do mháithreacha agus iad i mbun cúram tí agus teaghlaigh.

Thig a rá go raibh saol Cissie comhionann le stáir na tíre seo ó bunaíodh an Stáit. Tháinig biseach ar shaol na ndaoine ar feadh seal ach is cosúil go bhfuil muid ag sleamhnú isteach san fhaopach agus sa chruatan a bhí mar thaithí laethúil ag teaghlaigh nuair a bhí sí fhéin ina máthair ag tógáil clainne.

Bhí an Ghaeilge mar theanga labhartha ar fud na leithinse ar feadh tréimhse maith dá saol. Bhí cúpla siopa nach raibh ach Béarla a labhairt iontu agus is cuimhin liom nuair a chuirtí mé chun an tsiopa Dé Sathairn go raibh uirthi na "messages" a scríobh amach as Béarla domh. Is minic a shíl mé fhéin go raibh mé i mo "stucaí ceart" mar nár thuig mé an fhocal a bhí siad a rá liom.

Nuair a bhris Cissie a scoróg ag tús an tSamhraidh, dúirt sí liom agus í ina luí sa leabaidh thuas san ospidéal, "Tá shúil agam nach mbeidh mé ag caitheamh an tsamhraidh istigh anseo. Dá mbeifeá anseo rófhada thiocfadh leat bás a fháil roimhe d'am".

Is cinnte nach raibh sí sásta luí ansin ag feitheamh ar an bhás. Is minic a dúirt sí go raibh sí ceart go leor fhad is a bhí an tsláinte aici agus í a bheith ábalta a bheith amuigh fríd na daoine.

Deirtear gur deartháir den bhréag an béal bán ach ní hé seo mar a bhí Cissie. Ba é an "modh díreach" a bhí aici le comharsanaigh, le coimhthigh agus go háirithe lena clann fhéin. Ní hé bean ar an chlaí a bhí inti. Fiú amháin, má bhí an fhírinne searbh corruair, sin mar a bhí an scéal agus tá mé cinnte go bhfuil tréith ar leith ag baint leis an ionracas sin.

Is cúis buíochais dúinn uilig go raibh saol fada folláin ag Cissie agus go raibh sí i mbarr a sláinte go dtí na míonna deireanacha. Suaimhneas síoraí dá hanam dil.

*Micheál Mac Laifeartaigh*



# Seó Mór

i

## gColáiste Ros Goill,

Na Dúnaibh



**Dé Máirt, 5 Aibreán**
**6.30 i.n.**



**Na Trí Muca**
*le páistí sna Naíonáin*

**Díoltas an tSaoil**
*le rang 5 agus rang 6*

**An Leipreachán**
*le rang 1 agus rang 2*



**Páirc an Óir**
*le rang 3 agus rang 4*

## Siar nó Aniar?

Ba í sin an cheist a thóg Aodh Mac Laifeartaigh as leithinis Ros Goill i m'intinn nuair a thug sé léacht spreagúil suimiúil do lucht freastail an ranga Gaeilge san Ionad Intec, Inis Ceithleann ar an 2 Feabhra 2011. Tá an cúrsa seo, atá anois ar an fhód le dhá bhliain, á reachtáil ag Comhairle Dúiche Fhear Manach achan oíche Déardaoin ó 7.30 i.n – 9.30 i.n., ag tabhairt deis iontach do mhuintir Fhear Manach freastal ar ranganna Gaeilge ag cibé leibhéal ar mian leo.

Mar chuid de chlár chuimsitheach an chúrsa tá sé de



nós ag an lucht stiúrtha dul sa tóir ar chainteoirí dúchasacha Gaeilge a bhfuil fíor-thobar eolais acu ar ghnéithe éagsúla na Gaeilge. Chuige sin, d'aimsigh muid Aodh Mór Mac Laifeartaigh! Is fear é a tógadh le Gaeilge ón chliabhán agus a chonaic an Ghaeilge ag trá agus ag líonadh ina cheantar dúchais féin. Ba é sin ábhar a léachta.

Is suntasach an buille truacánta a d'fhulaing an Ghaeilge le céad bliain anuas. Céad bliain ó shin, bhí an Ghaeilge á iompar gan stró ag achan teaghlach sa pharóiste seachas siúd a bhí athlonnaithe le Gaelachas na tíre a réabadh mar a bheadh long ag réabadh na farraige. Chomh maith leis an phlandáil seo agus an cúlú eacnamaíochta a tharla sa dara cuid den chéad dheireanach is beag an dóchas a bhí i ndán do mhaireachtáil na Gaeilge. Ábhar iontais agus sóláis a bhí ann cloisteáil nach raibh an ceantar buailte chomh trom leis an Ghorta Mór is a bhí amhlaidh sa chuid eile den tír. Cé nach raibh acu ach ón lámh go dtí an béal, choinnigh éisc chósta an Atlantaigh iad ón uaigh agus choinnigh gnó na hiascaireachta faoi dhíon iad.

Ach, tháinig an cúlú eacnamaíochta agus a mhalairt scéil a bhí le samhlú. B'éigean do na céadta imeacht ar dhroim na mara le slite beatha a bhaint amach dóibh féin go mórmhór sa tír a raibh nimh san fheoil acu do na hÉireannaigh. Is ar éigean go raibh an Ghaeilge, mar theanga labhartha, ar na déithe deiridh nuair a tháinig baicle bheag daoine as Ros Goill le chéile le greim a fháil ar an seod luachmhar seo sula n-imeodh sí le sruth agus nach gcloisfí a macalla a choíche arís ar bheanna na leithinse.

Is mór an moladh atá tuillte ag am dream seo a tháinig le chéile arís agus arís eile ag iarraidh theacht ar phlean tarrthála na Gaeilge. As na cruinnithe seo d'eascair ***'Céim Aniar'***. Mhínigh léachtóir na hoíche go dtángadar ar an ainm seo mar go raibh sé d'aidhm ag an choiste an Ghaeilge a tharraing ar ais ó bhéal na trá.

Thug Aodh cur síos beacht cruinn ar shaothar an choiste agus is amhlaidh go bhfuil luach a saothair le feiceáil. Ina measc, tá dioplóma sa Ghaeilge bainte amach ag breis is ceithre scór duine sa pharóiste; tá ranganna Gaeilge ar bun do pháisti agus do dhaoine fásta; tá cumann drámaíochta ar bun a bhfuil sciar maith duaiseanna bainte amach acu; campaí samhraidh á reáchtáil acu agus thar aon rud eile tá an Ghaeilge le cloisteáil go flúirseach sa cheantar. Níl amhras ar bith ach gur tarraingíodh an Ghaeilge céim shuntasach aniar ón imeall agus go mba fada buan an chéim seo agus obair an choiste.

Ar ndóigh, tá olltoghchán ar na bacáin agus is ábhar imní é go bhfuil polaiteoirí faoi leith ag bagairt buille fealltach don Ghaeilge má chuirtear i gcumhacht iad. Má tharlaíonn a leithéid, is cinnte gur céim siar a bheas i ndán don Ghaeilge agus an baol ann go gcailltear go deo aon chéim aniar atá déanta aici. Beidh an t-iomaire le treabhadh arís ag leithéidí Céim Aniar! Siar nó Aniar don Ghaeilge, beidh le feiceáil, is fúinne atá a cinniúint!

*Róise Ní Laifeartaigh.*

**Trí rud is deacra a thuiscint:**

**Obair na mbeach,**

**Teacht agus imeacht**

**na taoide,**

**Intinn na mban.**

# Féile Chéim Aniar 2010

Cuireadh an fhéile seo ar ceal i mí na Samhna mar gheall ar an sneachta agus bhí sé ar siúl ar an Satharn, 5 Feabhra in Áras Ros Goill. Bhí dhá chomórtas a reáchtáil, Comórtas Aithris Filíochta do pháistí bunscoile agus do dhaltaí sa chéad bhliain ar an mheánscoil agus Comórtas Agallamh Beirte do dhaltaí i rang 3, 4, 5, agus 6 agus do dhaltaí meánscoile.

Ghlac céad is a sé déag dalta ar fad páirt sna comórtais agus chomh maith le muintir na nDúnaibh iad fhéin, bhí páistí ann as Baile na Finne, as Cill Mhic nÉanáin, as an Chraoslach, as Fánaid, as Scoil Cholmcille i nDuibhlinn Riabhach agus as Scoil Eoin Báiste i gCarraig Airt. Ba iad Seán Ó Móronaigh (Comhlachas Náisiúnta Drámaíochta) agus Miseal Nic Grianna (Raidió na Gaeltachta) a rinne an mholtóireacht agus seo thíos traidhfil pictiúr ón lá:



Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le Comhairle Contae Dhún na nGall as an mhaoiniú a chur siad ar fáil don chomórtas seo, le Raidió na Gaeltachta as a gcuid tacaíochta agus le hÚdarás na Gaeltachta as an tacaíocht leanúnach a chuireann siad ar fáil dúinn i rith na bliana. Ba mhaith linn ár mbuíochas a chur in iúl fosta do na moltóirí, do Mheitheal Mhíobhaigh as an fhoirgneamh a chur ar fáil dúinn agus do na tuismitheoirí a chur sólaistí gálánta ar fáil agus a chuidigh linn ar an lá.

Ba é seo an chéad bhliain do Chéim Aniar a leithéid d'ócáid a reáchtáil agus tá féile beartaithe do mhí na Samhna i mbliana arís.

## Comórtas Aithris Filíochta



***Naíonáin Bheaga & Naíonáin Mhóra***

Seán Ó Baoill, Baile na Finne (An chéad áit - Corn Leaslaoi U. Lúcas), Fionnuala Ní Bhaoill, Baile na Finne (An dara háit), Aoibhinn Ní Chonaill, Céim Aniar agus Cian Ó Fríl, Scoil Chaisil, Ceann Droma (An tríú háit roinnte).



***Rang 1 & Rang 2***

Cáthair Ó Rathallaigh, Scoil Naomh Mhuire, An Craoslach (An chéad áit - Corn na Comhairle Contae), Aobha Ní Ghallachóir, Céim Aniar (An dara háit), Naoise Ní Dhuagáin, Céim Aniar agus as láthair ón phictiúr, Margo Nic Eiteagáin, Scoil Eoin Baiste, Carraig Airt (An tríú háit roinnte).



***Rang 5 & Rang 6***

Laura Pasoma, Céim Aniar (An chéad áit - Corn Céim Aniar), Eamonn Ó Raghallaigh, Scoil Naomh Mhuire, An Craoslach (An dara háit), Hannah Ní Chanainn, Mícheál Ó Coileáin agus Míobha Nic Fhinneachta, Céim Aniar (An tríú háit roinnte).



***Rang 3 & Rang 4***

Raonaid Ní Dhubhláin, Scoil Naomh Mhuire, An Craoslach (An chéad áit - Corn Raidió na Gaeltachta), Gráinne Ruiséil, Scoil Cholmcille, Cill Mhic nÉanáin (An dara háit), Laura Dugera, Céim Aniar agus Mícheál Pasoma, Céim Aniar (An tríú háit roinnte)

# Comórtas Aithris Filíochta



*Meánscoil*

Caitríona Ní Bhaoill, Baile na Finne (An chéad áit - Corn Údarás na Gaeltachta), Ruaidhrí Mac Conaglaigh, Céim Aniar (An dara háit) agus Ailín Pasoma, Céim Aniar (An tríú háit).



*Duais speisialta*

Corn Ghuth Ghoill, a bhronnadh ar Laura Pasoma a bhí ainmnithe mar an iomaitheoir áitiúil ab fhearr ar an lá.

# Comórtas Agallamh Beirte



*Ar Chlé:* *Rang 5 & 6*

Hannah Ní Chanainn & Caitlín Nic Íomhair (An chéad áit), Mícheál Ó Coileáin & Míobha Nic Fhinneachta (An dara háit), Laura Pasoma & Rebecca Nic Nuadht (An tríú háit)



*Rang 3 & 4*

Míchéal Pasoma & Rónán Ó Gallachóir (An chéad áit), Pádraig Mac Finneachta & Helen Ní Chanainn (An dara háit), Laura Pasoma & Lóirín Nic Giolla Bhríde (An tríú háit).



*Ar Chlé:* *Meánscoil*

Brónach Ní Ghallchóir & Eimear Ní Threartaigh (An chéad áit), Ruaidhrí Mac Conaglaigh & Ailín Pasoma (An dara háit).

# Cumann Lúthchleas Gael na nDúnaibh
## Bronnadh Bhord na nÓg




Bronnadh duaiseanna agus teastas ar na foirne faoi 8 agus faoi 10.




Bronnadh duaiseanna agus teastas ar an fhoireann faoi 12.




*Bronnadh duaiseanna agus teastas ar an fhoireann faoi 14.*



*Coiste Bhord na nÓg le haíonna, Pádraig Mac Conaglaigh (Gaeil Fhánada) agus Gearóidín Nic Lochlainn (An Tearmann).*



Gearóidín Nic Lochlainn (Imreoir Contae) ag bronnadh duais ar Mháirtín Mac Giolla Bhríde a bhí ainmnithe mar imreoir na bliana.

## Feadaímó



Tá Tuathal ag tiomáint cairte ar a bhfuil bairillí leanna. Tá Seán ina shuí ag a thaobh agus tá Éamonn agus Paidí i bhfolach i mbeirt de na bairillí. Tá Feadaímó ceangailte do bhun na cairte mar nach raibh na bairillí mór go leor dó.

Tá siad ag tarraingt ar an bheairic ina bhfuil damhsa do na hoifigí le bheith ann an oíche sin agus tá Feadaímó ag iarraidh labhairt le Colonel Albertson fá Dhomhnall, atá mar phríosúnach aige, agus fá airgead na tána. Chuala Feadaímó duine de na saighdiúirí ag labhairt le Tuathal nuair a shroich siad an geafta. “What kept you then Paddy?” arsa an saighdiúir. “They’re busy in the brewery at this time of year,” arsa Tuathal, “must be the hot weather, everybody wants a pint of ale.” “Too right,” arsa an saighdiúir, “Ok, carry on then.” Thiomáin Tuathal isteach an geafta ach cha raibh a fhios aige ansin cén treo le dhul. Bhí siad istigh i gcearnóg mhór agus foirgnimh ar achan taobh dóibh. Bhí halla mór ar chlé agus lear daoine ag dul isteach is amach ann.

Bhí complacht de na saighdiúirí ag cleachtadh druile ar dheis agus bhí stáblaí os a gcomhair agus ceárta gabha lena dtaobh. Cha raibh Tuathal ag iarraidh aird ar bith a tharraing orthu fhéin trí a bheith ag cur ceiste ar dhuine de na saighdiúirí. “Faoi Dhia, a Thuathail,” arsa Seán, “cén bealach a rachas muid?” “Níl barúil agam,” arsa Tuathal, “ach tá a fhios agam an méid seo, muna bhfaigheann muid amach go luath beidh….” “Oí! get a bloody move on.” Tháinig an scairt ón taobh chlé agus chonaic Tuathal go raibh an saighdiúir ag caint leisean. Tharraing sé ar na srianta agus thiomáin sé ina threo. “Get those barrels in here, sharpish like,” arsa an saighdiúir agus chonaic Tuathal gur sáirsint a bhí ann. Bhí sé ina sheasamh ag doras sciobóil agus leabhar nótaí ina lámh aige. “Right away sir,” arsa Tuathal leis. Thiontaigh an sáirsint agus lig sé scread as. “Jock, you and Bob give a hand here, we aint got all day.” Tháinig beirt de na saighdiúirí amach as an scioból agus sheas siad le taobh na cairte. Dhírigh an sáirsint a mhéar ar na bairillí. “Do a quick tally there Jock. Should be twenty barrels.” Léim saighdiúir suas ar an chairt agus rinne sé cuntas. “Twenty it is Sarge,” agus scríobh an sáirsint sin ina leabhar. “Get them inside,” arsa an sáirsint agus d’imigh sé i dtreo an halla. Fir mhóra láidre a bhí ins an bheirt shaighdiúir agus cha raibh deacracht ar bith acu bairille a iompar isteach eatarthu.

A fhad is a bhí siadsan istigh leis an chéad bhairille thóg Tuathal agus Seán bairillí anuas ar an talamh. “A Fheadaímó,” arsa Tuathal i gcogar agus é ar a ghlúin, “cad é atá tú ag dul a dhéanamh?” “Fanfaidh mé go dtí go dtéann an bheirt sin isteach leis an darna bairille is caithfidh mé…” “Wat’s keepin you lazy sods,” a scairt Jock, is é ag teacht amach as an scioból. “Faigh greim ar seo go tapaidh,” arsa Seán, agus thóg siad bairille eatarthu. Shiúl siad isteach sa scioból leis agus d’fhág siad é leis na bairillí eile a bhí ansin. Cha raibh duine ar bith eile sa scioból agus d’amharc siad thart ag déanamh scrúdú ar an áit. Bhí moll mór bairillí in éadan na mballaí agus carnán de bhoscaí móra adhmaid nach raibh rud ar bith scríofa orthu. Chuaigh Seán anonn le scrúdú a dhéanamh orthu. “Déan deifir, a Sheáin,” arsa Tuathal, “tá na saighdiúirí ag teacht. Caithfidh muid a bheith cinnte go bhfaigheann muidinne an dá bhairille le hÉamonn agus Paidí iontu.” “Tá an ceart agat,” arsa Seán, “Lorda, beidh muid san fhaopach má thógann na saighdiúirí ceann ar bith de na bairillí sin.”

Bhog Tuathal trí bhairille go dtí taobh na cairte agus ansin thóg siad anuas an ceann ina raibh Éamonn ann agus isteach leo. “Tá sé trom,” arsa Seán, “is maith an rud nach raibh Feadaímó ábalta dul isteach i mbairille mar cha bheadhas muid ábalta é a iompar.” Rinne siad an rud céanna le bairille Phaidí gan rud ar bith a thabhairt faoi deara ag na saighdiúirí. Nuair nach raibh fágtha ach triúr eile ar an chairt labhair Tuathal leis na saighdiúirí. “We’ll manage now, thanks,” agus d’iompar sé fhéin agus Seán bairille eile isteach. “Suits me,” arsa Jock, agus d’imigh sé fhéin agus Bob i dtreo an halla. Nuair a bhí Tuathal agus Seán ag siúl amach arís chas Feadaímó leo agus bairille ar a ghualainn. “Tógaigí isteach an ceann atá fágtha,” arsa Feadaímó, “agus ansin bígí ar shiúl, druidfidh mise na doirse.”

Bhí siad chóir a bheith ag doirse an sciobóil leis an bhairille deireanach nuair a thug Seán fá deara go raibh an sáirsint agus Jock ag tarraingt orthu. “Don’t forget to take the empties,” arsa an sáirsint. “The empties?” arsa Tuathal. “Yes, the bloody empties,” a scairt an sáirsint, “can’t have clutter in the King’s barracks, can we Jock?” “No sarge,” arsa Jock, “wouldn’t do at all.” D’iompar Tuathal agus Seán an bairille thar an tairseach agus lean an dá shaighdiúir iad isteach. Cha raibh Feadaímó le feiceáil. “See them there barrels on the left, Paddy, them’s empties,” arsa an sáirsint. “All eleven of them. Get them out of here, sharpish like,” D’iompar an bheirt na bairillí folmha amach agus rinne an sáirsint cuntas eile ar ábhar an sciobóil. “32 Ale, 11 Rum and 2 molasses. Does that tally with you, Jock?” arsa an sáirsint.

Thóg Jock píosa páipéir amach as a phóca. “That tallies, sir,” arsa Jock, agus shiúl sé anonn chuig na boscaí. “Plus 14 of potatoes, sir.” “That’s it,” arsa an sáirsint agus dhruid sé a leabhar. “Right then, let’s seal her up.” Chuidigh Jock leis an bheirt agus chuir sé bairille folamh suas ar an chairt leis an deichniúir eile. Char dhúirt Tuathal a dhath ach go díreach thiontaigh sé an chairt agus thiomáin sé i dtreo an gheafta. D’amharc Seán thart agus chonaic sé an sáirsint ag cur glais ar an scioból. “Tá sé uilig idir Dia agus Feadaímó anois, a Thuathail,” a dúirt sé, agus iad ag dul amach an geafta. Bhain Feadaímó na cláir den dá bhairille agus bhí air cuidiú a thabhairt d’Éamonn agus do Phaidí theacht amach astu mar bhí siad chomh ceapánta sin.

"Bhí eagla an domhain orm go mbuailfeadh na crampaí mé," arsa Éamonn, "tá mé ag éirí róshean don chineál seo oibre." "Tá is mise," arsa Paidí agus é ag croitheadh a lámha. "Ach ar a laghad fuair muid an fhad seo agus tá shúil agam, a Fheadaímó, go bhfuil modh taistil níos fearr agat le muid a fháil amach as an áit." "Tiocfaidh muid chuig sin a fheara," arsa Feadaímó, "ach cuidígí liom anois an dá bhairille seo a chur isteach ar chúl na gceann eile." D'amharc Feadaímó amach an fhuinneog. "Tá, b'fhéidir, trí uaire fágtha againn sula dtiteann an oíche," a dúirt sé. "Trí uaire eile?" arsa Éamonn, tá an lá seo chomh fada le trí lá." "Seo an rud is measa fá na laethanta fada seo," arsa Paidí, "go háirithe nuair atá tú ag iarraidh obair a dhéanamh i ngan fhios." "Tá sé go réidh agaibh codladh beag a bheith agaibh." arsa Feadaímó. "Fanfaidh mise ar faire anseo." "Níl codladh ar bith ormsa," arsa Paidí, "b'fhearr liomsa dá n-inseofá dúinn fá cad é'n dóigh a bhfuil muid dul a bheith ábalta Domhnall a fháil amach as an phríosún agus an áit seo plódaithe le saighdiúirí." "Cá háit a bhfuil an príosún," arsa Éamonn. "Dá mbeadh an méid sin fhéin ar eolas againn, cha bheadh sé chomh holc. D'amharc Feadaímó orthu agus a dhroim leis an bhalla. "Ná bíodh eagla oraibh, gheobhaidh muid an t-eolas sin, geallaim sin daoibh. Anois, fanaigí istigh ar chúl na mboscaí sin ar eagla go dtiocfadh duine ar bith." Tar éis tamaill chuala Feadaímó srannfach ag éirí ó dhuine acu agus tháinig aoibh bheag ar a aghaidh. "Comhartha maith" a dúirt sé leis fhéin, "ar a laghad tá deis chodlata acu, is ag Dia atá a fhios, cén chéad uair eile a mbeidh sin acu." Sheas Feadaímó ag an fhuinneog agus achan sórt smaoinimh ag cur isteach air fán dóigh a d'athraigh a shaol le gairid. Dá mba rud é gur ghlac sé leis an chleamhnas a bhí eagraithe dó bheadh sé ina shuí go deas socair ar bhruach na Maoile Ruaidhe agus slat iascaigh ina lámh aige. In áit sin áfach, bhí sé istigh i scioból i mbeairic i nDoire agus cuid saighdiúirí an rí ar achan taobh dó." "Tagann ciall le haois" a dúirt sé leis fhéin, "sin an rud a bhíodh le rá ag na seandaoine cibé, ach char dhúirt siad cén aois." Chuala sé truip amuigh agus daoine ag caint. Chuaigh sé ar chúl na mboscaí agus mhúscail sé an bheirt. "Whistigí," a dúirt sé, "tá saighdiúirí ag teacht isteach."

D'oscail na doirse agus tháinig an sáirsint agus trí shaighdiúir eile isteach. "Put three barrels of ale and one of rum on that push cart, sharpish like," arsa an sáirsint, "c'mon, we ain't got all night. Can't be keeping the king's officers waiting now can we?" Nuair a bhí sin déanta acu thiomáin siad an chairt amach an doras agus saighdiúir amháin ar achan taobh agus duine eile acu ar cúl. Cuireadh an glas ar na doirse arís agus d'imigh siad. Chuaigh Feadaímó chuig an fhuinneog arís. "Cibé caidé atá ag dul ar aghaidh," a dúirt sé, "sea sa halla atá sé. Anois, caithfidh muid fáil amach as seo gan an glas sin a bhriseadh mar bheadh racán dá bhfeicfeadh an sáirsint a leithéid sin." Bhí uirlisí ar an bhalla cúil agus thóg sé cró-iarann agus chuaigh sé i mbun oibre ar na hinsí. Seandhoirse a bhí iontu agus cha raibh sé deacair na tairní a tharraingt amach. "Is dóiche nach mbeadh siad ag súil go mbeadh gadaithe ag briseadh amach as an scioból," arsa Feadaímó, agus bhog sé an doras píosa. "Tá seo go breá, a fheara," agus chuir sé an doras ar ais ina áit. "Fágfaidh muid an doras mar atá nuair a imeoidh muid agus tiocfaidh muid ar ais anseo le Domhnall." "Le cuidiú Dé," arsa Paidí. Bhí go leor soilse ar an chearnóg agus ar na ballaí ach chonaic Feadaímó nach deachaigh loinnir na soilse sin isteach in achan choirnéal. D'fhan siad fiche bomaite eile go dtí go raibh Feadaímó sásta go raibh sé dorcha go leor agus amach leo, fear i ndiaidh an fhir eile, agus choinnigh siad isteach teann le bun an bhalla. Bhí scaifte mór idir shaighdiúirí agus mhná ina seasamh thart ag comhrá taobh amuigh den halla is ag éisteacht le banda píobairí a bhí ag seinm ceoil i lár na cearnóige. Bhí searbhóntaí amach is isteach tríothu agus traenna lán deochanna leo. Tháinig scuaine carráistí isteach an geafta agus uaisleacht na cathrach orthu. "Tá cuma ann go bhfuil oíche mhór i ndán d'oifigí an rí," arsa Feadaímó i gcogar. Chuaigh an triúr acu thart ar chúl an halla. Bhí sé ciúin anseo agus cha raibh le feiceáil ach saighdiúir amháin ag siúl anonn is anall le gunna ar a ghualainn. "An bhfeiceann tú an dóigh a bhfuil an saighdiúir sin ag máirseáil, a Éamoinn," arsa Feadaímó, "coinnigh cuimhne ar an siúl sin agus fanaigí anseo." "Cad é atá tú ag rá, a Fheadaímó?" arsa Éamonn, ach bhí Feadaímó ar shiúl.

Choinnigh Feadaímó istigh teann leis an bhalla agus a shúil ar an saighdiúir. Nuair a tháinig an saighdiúir a fhad leis sheas sé amach os a chomhair. "Siúl fada ón íochtar," arsa Feadaímó leis. "You wat mate?" arsa an saighdiúir agus leag Feadaímó é lena dhorn. Thóg sé an saighdiúir agus a ghunna agus ar ais leis chuig an bheirt eile. "Cuir thusa ort éadaigh an tsaighdiúra, a Éamoinn," arsa Feadaímó. "Cad chuige…" Bhris Feadaímó isteach air. "Éist liom, an bheirt agaibh," a dúirt sé, "cha dtig ach fear amháin a bheith i gceannas agus shocraigh muid gur mise an fear sin. Níl ach dóigh amháin a bhfaighidh muid amach as an nead seangáin seo agus Domhnall linn agus sé sin go ndéanfaidh sibhse an rud a iarraimse oraibh a dhéanamh." D'amharc sé ar Éamonn. "Gan cheist," a dúirt sé go feargach, agus thosaigh Éamonn ag baint an chóta den saighdiúir. Nuair a bhí sé gléasta agus an gunna ar a ghualainn mháirseáil sé amach agus ghlac sé stáisiún an tsaighdiúra.

Chuaigh Feadaímó agus Paidí ar ais a fhad leis an scioból leis an saighdiúir a cheistiú. Chaith Paidí uisce ar aghaidh an tsaighdiúra agus tháinig sé chuige fhéin de réir a chéile. "What's your name soldier?" arsa Paidí leis agus chaith an saighdiúir seileog ar an talamh. "Drop dead Paddy," a dúirt sé. Chuir Feadaímó é ina sheasamh ar bhairille agus rópa thart ar a mhuineál. "Let me put it to you like this," arsa Paidí, my young friend here is not a man who has been blessed with patience. If we fail we will be hung, so we will hang you first and then go out and get another soldier, there are a lot of them about. I'm going to count to three." Thit an croí as an saighdiúir agus d'fhreagair sé achan cheist a cuireadh air. D'fhág siad é ceangailte suas istigh i gceann de na bairillí folmha agus ar ais leo a fhad le hÉamonn. "Fan thusa san áit a bhfuil tú, a Éamoinn," arsa Feadaímó, "agus gheobhaidh muidinne Domhnall." "D'imigh siad ar aghaidh ag coinneáil amach as réimse na soilse agus chuaigh siad faoi áirse isteach i sráid fhada leathan. Bhí tuilleadh stáblaí anseo agus trí fhoirgneamh mhóra ina raibh lóistín na saighdiúirí. Ar an taobh eile den tsráid chonaic siad an príosún. Foirgneamh mór ard a bhí ann le barraí iarainn ar achan fhuinneog. Bhí balla ocht dtroigh ar airde thart air agus gloine briste sáite ar a

bharr. Bhí an geafta glasta agus bhí beirt shaighdiúir ar faire taobh istigh. “Bhail, a Phaidí,” arsa Feadaímó, “char dhúirt mé ariamh go mbeadh sé furasta, ach níl a dhath fá na choinne anois ach leanstan ar aghaidh.

*Beidh tuilleadh sa chéad eagrán eile.*

# Féile Drámaíochta Chéim Aniar

**i gColáiste Ros Goill,**

*Na Dúnaibh*

## Dé hAoine, 1 Aibreán, 2011

**8.00 i.n.**

***Fuil ar an Torc,***
dráma úr le Proinsias Ó Cuilinn,
a léiriú ag Aisteoirí Mhíobhaigh.

## Dé Sathairn, 2 Aibreán, 2011

**4.00 i.n.**

***Dealg an Tiomna,***
dráma úr le Proinsias Ó Cuilinn,
a léiriú ag Aisteoirí Charn Tóchair.

**5.30 i.n.**

***Dóchas na Caillí,***
Scéaldráma, a léiriú ag Aisteoirí na hÓmaí.

**6.00 i.n.**

***Faoiseamh,***
le John B. Keane,
a léiriú ag Aisteoirí Mhic Easmuinn, An Cheathrú Rua.

**Ticéid €10 agus clúdaíonn sin na drámaí uilig. Ar fáil in Oifig Chéim Aniar.**
**Fón: 074 9154830**

AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA
Camas, Conamara.
Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155
eolas@drama-gaeilge.com www.drama-gaeilge.com

*Céim Aniar Teoranta*

**Aisteoirí Mhíobhaigh**
*Fuil ar an Torc*



**Aisteoirí Charn Tóchair**
*Dealg an Tiomna*



An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Department of Community, Rural and Gaeltacht Affairs

Urraithe ag
Foras na Gaeilge

Údarás na Gaeltachta

AN COMHLACHAS NÁISIÚNTA DRÁMAÍOCHTA
Camas, Conamara.
Teil: 091-574146 / Facs: 091-574155
eolas@drama-gaeilge.com www.drama-gaeilge.com